
Foilsithe in *Feasta*, Aibreán, 2018, 11-12. Cóip an Údair.




# Cnuasach de Stiallghreannáin Ghaeilge do Pháistí

(Léirmheas ar *Ruaille Buaille: Imleabhar 2*,
in eagar ag Aidan Courtney agus Gabriel Rosenstock.
Coimicí Gael: Inis, 2016.
ISBN: 978-0-9934873-1-6)

**Léirmheas le Marie Whelton,**
**Institiúid Oideachais Marino**

**Whelton, M., 'Cnuasach de Stiallghreannáin Ghaeilge do Pháistí: Léirmheas ar *Ruaille Buaille: Imleabhar 2* (Courtney & Rosenstock).' *Feasta*, Aibreán, 2018, 11-12.**

---

Luadh an cnuasach *Ruaille Buaille* 2 ar *The Late Late Toy Show*. Séard atá ann ná an dara himleabhar i sraith de ghreannáin a fhoilsíonn Coimicí Gael agus atá curtha in eagar ag Aidan Courtney agus Gabriel Rosenstock. Naoi stiallghreannán (*comic strip*) san iomlán atá ann, le húdair agus le healaíontóirí éagsúla. Geallann an teideal spleodrach agus an clúdach tarraingteach scéalta agus obair ealaíne den scoth agus ní chuirfidh a bhfuil faoin gclúdach díomá ar léitheoirí óga. Oirfidh na cartúin do pháistí idir ocht mbliana d'aois agus dhá bhliain déag d'aois.

Is é 'Niocól Óg', maisithe agus scríofa ag Philp Barrett, an chéad stiallghreannán sa leabhar. Teastaíonn ó Niocól Óg cóip den chluiche ríomhaire 'Béar Spáis' a cheannach. Smaoiníonn sí ar chleasa éagsúla chun airgead a fháil. Is í an tseift dheireanach a mbaineann sí triail as an ceann is samhlaíche agus is í an ceann sin a ligeann di a haidhm a bhaint amach. Tar éis di é a cheannach, cuireann an cluiche féin díomá uirthi, áfach, agus tréigeann sí an ríomhaire, sa deireadh, chun dul ag súgradh le páistí eile. Oibríonn na comhráite agus na léaráidí le chéile chun scéal taitneamhach a insint faoi thábhacht na samhlaíochta agus an tsúgartha i saol an pháiste.

Foilsithe in *Feasta*, Aibreán, 2018, 11-12. Cóip an Údair.

Clara Murphy a scríobh agus a tharraing an scéal ‘An Chomharsa Nua’ agus ba í Tríona Farrell a rinne na dathanna. Níl mórán téacs ann agus, dá bhrí sin, is iad na pictiúir a insíonn an scéal. Go bunúsach, is scéal é faoin tslí a sáraíonn páistí an imní a bhíonn orthu nuair a thagann daoine nua isteach ina saol. Tá béim den scoth curtha ar shúile na gcarachtar sna léaráidí, rud a chabhraíonn le forbairt an phlota agus le forbairt na gcarachtar.

Is é “Yó-Yó, Yó-Yóin agus an tUamhach Reoite’ an tríú stiallghreannán sa chnuasach. Rinne Scott Ferguson an script agus ba é PJ Holden a sholáthair an scéal agus an ealaín. Is iad Yó-Yó agus a mhac Yó-Yóin na príomhcharachtair. Tugann siad cuairt ar Mhúsaem d’fhonn an tUamhach Reoite a fheiceáil ach tugann an tOllamh Mac an Ama cuairt ar an áit ag an am céanna agus rún urchóide ina aigne aige siúd. Sa deireadh, áfach, sáraíonn an mhaitheas ar an olc le cabhair, gan choinne, ó uirlis bheag chlúiteach a bhfuil leid faoi i dteideal an scéil. Éiríonn leis na léaráidí, i gcomhar leis an script, an scéal eachtrúil seo a insint go bríomhar.

Soineantacht agus áilleacht na léaráidí is mó a sheasann amach faoin stiallghreannán ‘Cois Canála,’ le Katie Fleming. Is píosa é faoi thrí mhadra – Síofra, Saoirse agus Siúrca. Tá Síofra dhá bhliain déag d’aois, tá Saoirse deich mbliana d’aois agus tá Siúcra dhá bhliain d’aois. Tagann aois agus tréithe na madraí éagsúla trasna ar bhealach an-éifeachtach sna léaráidí agus sa téacs a ghabhann leo.

In ‘An Gallán,’ le hAlan Ryan, gheobhaidh an léitheoir scéal faoi bheirt pháistí a théann ag spaisteoireacht agus a bhfuil sé i gceist acu Gallán Ghleann na Gaoithe a aimsiú. Ar an mbealach chuig an ngallán buaileann siad le leipreachán agus tugann sé ‘sás cosanta’ dóibh le tabhairt leo. Nuair a shroicheann siad an gallán is léir go luath nach sás cosanta a bhí ann ach sás draíochta a athbheonn an gallán. Is cumasach an tslí ina dtarraingíonn an t-údar ar ghnéithe den traidisiún Gaelach chun scéal nua-aimseartha spreagúil a insint. Tá greann éadrom fite fuaite sna léaráidí agus sa script tríd síos.

Sa chéad stiallghreannán eile, 'An Mhaighdean Mhara,' le Triona Farrell, tá Róisín ina cónaí cois farraige agus oíche amháin tagann sí trasna ar mhaighdean mhara gar dá teach. Cabhraíonn sí léi agus fásann cairdeas eatarthu. Is é an rud is suaithinsí agus is áille faoi ná an tslí a n-éiríonn leis an ealaíontóir atmaisféar na hoíche a chur in iúl le dathanna faonsolasacha allabhracha.

Ní úsáideann Alan Nolan ach trí dhath – gorm, bán agus dubh – in 'Brám Beag: Teach na Péiste Báine.' Is scéal uafáis é atá suite sa bhliain 1857 agus cuireann na dathanna agus na scáthchrutha tríd síos go mór le taibhsiúlacht ghreannmhar shean-aimseartha an phíosa. Cuireann plota an scéil béim ar thallann na mban agus dá bhrí sin ar théamaí an fheimineachais.

An chaimiléireacht agus an fhalcaireacht a tharlaíonn ag rás reathaíochta atá chun tosaigh mar théamaí in 'Lá Spóirt,' greannán atá scríofa ag Mike Lynch agus maisithe ag Rebecca Nalty. Tá rialacha le leanúint ach tá cleasa agus cumhachtaí osnádúrtha ag na carachtair sa rás seo. In ainneoin nach rás cothrom é, éiríonn le Síle an bua a bhaint amach gan dul i muinín na caimiléireachta, is féidir a rá, dá bhrí sin go múineann an scéal ceacht. Is é an ní is saintréithí faoi ná an tslí a n-éiríonn leis na híomhánna gluaiseacht an rása a chur in iúl.

'Saoirse agus Sparán na Caillí Mairbhe' an teideal atá ar an stiallghreannán deireanach sa chnuasach. Maeve Clancy a scríobh agus a rinne an ealaín don cheann seo. Bhí Saoirse amuigh ag siúl cois trá lá amháin agus tháinig sí ar sparán na caillí mairbhe. Chuir sé ionadh uirthi go raibh an sparán dúnta. Chiallaigh sé sin go raibh sí in ann guí a dhéanamh air. Tugtar í, de réir a guí, ar aistear faoin bhfarraige agus feiceann sí smugairle róin, ronnaigh, portáin, rónta agus go leor neacha eile faoin bhfarraige. Ag an deireadh, faigheann Saoirse síob ar ais chuig an gcladach ó dheilf. Is píosa álainn é a dhéanann ceiliúradh, in íomhánna agus i bhfocal, ar dhúlra agus ar fhána na farraige.

Ar an iomlán, is cnuasach é seo atá ag caighdeán an-ard. Tá éagsúlacht ann ó thaobh ábhair agus stíle de. An t-aon ní nach raibh sásúil sa leabhar ná an 'Clár Ábhair' ag an tús. Sa chlár sin, tá teideal gach stéille, eolas beathaisnéise faoi na scéalaithe, eolas beathaisnéise faoi na healaíontóirí agus foclóir do gach stiallghreannán. Is é an clár sin an chéad ní a léann an léitheoir, agus, sa tslí ina bhfuil sé anois, tá an iomarca eolais ann agus d'fhéadfadh sé mearbhall a chur ar léitheoirí óga sula luíonn siad isteach ar na greannáin a léamh. D'éascódh sé an léitheoireacht go mór dá mbeadh struchtúr ní b'fhearr ar na leathanaigh sin – dá mbeadh clár an ábhair curtha i láthair ar dtús, mar shampla, agus an t-eolas beathaisnéise ar leathanach eile. Ach é sin ráite, is cnuasach é seo a thuilleann áit i leabhragáin scoile.